# Saibhreas Teanga agus Fiosrúchán ar Struchtúr agus Gramadach (Scoil sa Ghaeltacht)

## Cúlra

Sa sampla seo feicimid rang a sé i scoil lán-Ghaeilge i gcroílár na Gaeltachta. Tá 30 dalta sa rang agus tá cumas éagsúil ann ó thaobh na Gaeilge de. Tá na critéir theangabhunaithe d'aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta á gcur i bhfeidhm anseo. Cinntíonn an scoil go gcuirtear eispéiris oideachais ardchaighdeáin trí Ghaeilge ar fáil do na páistí ar fad agus dírítear aird ar leith ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge.

## Na gníomhaíochtaí a chur in oiriúint do scoil lán-Bhéarla

Cé gur sampla é seo ó scoil sa Ghaeltacht, d'fhéadfaí cuid de na gníomhaíochtaí/na háiseanna/na cuir chuige a fheictear san fhíseán a úsáid le rang i scoil lán-Bhéarla, ag tabhairt riachtanais na bpáistí san áireamh. D'fhéadfaí 'Bogha Ceatha na Gramadaí' a úsáid le teangacha eile chomh maith.

## Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim

Ceacht chun cur le **saibhreas teanga** na bpáistí agus chun a n-eolas ar **struchtúr agus gramadach** a dhoimhniú atá san eispéireas foghlama seo, agus tá idir **obair ó bhéal** agus **léitheoireacht** ar siúl ag na páistí. Baineann an múinteoir úsáid as **réimse leathan d'oideolaíochtaí** éagsúla ann lena n-áirítear foghlaim chomhoibritheach, aird ar fhoirm na teanga, cur chuige frithchothromaithe agus aiseolas ceartaitheach^.

Agus í ag tarraingt ar a **cur amach ar na páistí**, **ar a riachtanais** agus **ar a réamhfhoghlaim**, chuaigh an múinteoir i mbun ullmhúcháin don cheacht seo. D'úsáid sí scéal ón scéim oibre atá sa rang mar thúsphointe don cheacht agus ansin phleanáil sí gníomhaíochtaí éagsúla le dul leis a bhí bunaithe ar riachtanais na bpáistí, na chéad chéimeanna eile ina bhfoghlaim san áireamh.

Is iad seo a leanas na torthaí foghlama agus an fócas a bhí ag an múinteoir:

| Snáithe | Torthaí Foghlama | Fócas na foghlama nua |
|---|---|---|
| **Teanga ó Bhéal** | **TF 4:** Struchtúr Abairte agus Gramadach | Lorgóidh na páistí samplaí de na codanna cainte éagsúla sa téacs, ag tarraingt ar an eolas atá acu maidir leis na hathruithe a thagann ar struchtúir na habairte/ar fhocail ag brath ar an gcomhthéacs gramadaí. |
| | **TF 5:** Stór Focal | Fiosróidh na páistí na nathanna cainte difriúla atá le sonrú sa scéal. |
| **Léitheoireacht** | **TF 6:** Stór Focal | Úsáidfidh na páistí réimse leathan de straitéisí stóir focal chun teacht ar bhrí na nathanna éagsúla sa scéal. |

## Eispéireas Foghlama 1: Saibhreas Teanga


Sa chuid seo den cheacht, d'éist na páistí le scéal 'Ní Neart go Cur le Chéile'. Ansin, le cóip den scéal os a gcomhair, dhírigh na páistí ar na **nathanna cainte** sa sliocht. Rinne siad **fiosrúchán** ar **bhrí na nathanna** i ngrúpaí le cabhair ón bhfoclóir nuair ba ghá. Ar deireadh, rinne siad rangú ar na nathanna ar fad a bhí sa scéal i mbeirteanna – nathanna a bhí ar eolas acu cheana féin, cinn a thaitin leo agus cinn a d'fhéadfaidís a úsáid arís. Déanfaidh an múinteoir tagairt de na nathanna sin le linn na seachtaine chun iad a dhaingniú.



# Eispéireas Foghlama 2: Fiosrúchán ar Struchtúr agus Gramadach

D'athraigh an múinteoir fócas an cheachta ansin agus dhírigh sí aird na bpáistí ar fhoirm*. Bhreathnaigh an rang ar na **codanna cainte i gcomhthéacs an scéil a bhí déanta acu**. Bhí an-chuid réamhoibre déanta ag an múinteoir leis an rang ar na codanna cainte éagsúla agus tá an rang ag an gcéim anois go bhfuil siad in ann **réimse leathan de chodanna éagsúla a aithint agus a ainmniú i** dtéacs, agus go bhfuil siad in ann **na rialacha agus athruithe éagsúla** a bhaineann leo **a mhíniú**.

Bhain an múinteoir úsáid as 'Bogha Ceatha na Gramadaí' chun an fiosrúchán a eagrú.




Díríodh aird na bpáistí ar na codanna cainte seo a leanas:

- briathra
- an tuiseal ginideach
- céimeanna comparáide na n-aidiachtaí
- aidiachtaí
- focail nua
- leaganacha cainte
- ainmfhocail

Rinneadh dul siar ar na codanna cainte sin ar dtús chun **réamheolas na bpáistí a ghníomhú**. Ansin, iarradh ar na páistí oibriú i mbeirteanna chun samplaí de na codanna cainte éagsúla a aimsiú sa téacs agus é sin a chlárú ar bhileog. Bhí go leor plé agus fiosrú teanga ar siúl agus na páistí i mbun an taisc. Is céim an-tábhachtach í an **tabhairt faoi deara** san obair seo, nuair **a fhiosraíonn páistí na hathruithe a thagann ar fhocail iad féin** agus nuair **a phléann siad na fáthanna a bhaineann leis le chéile**. San fhíseán seo, feictear na páistí ag ceistiú a chéile faoi shéimhiú nó urú agus faoi inscne na n-ainmfhocal srl. Chuaigh an múinteoir ó ghrúpa go grúpa chun tuiscint na bpáistí ar na codanna cainte éagsúla a fhiosrú trí chomhdháil agus ceistiúchán le páistí faoi leith. Mhínigh na páistí na hathruithe a bhí le sonrú agus thug sé sin léargas don mhúinteoir ar leibhéal tuisceana na bpáistí. D'úsáid sí an t-eolas sin chun na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim a aithint.

## Léiriú ar an bhFoghlaim

Mar atá mínithe thuas, d'úsáid an múinteoir comhdháil agus ceistiúchán chun foghlaim na bpáistí agus a leibhéal tuisceana a mheas. Anuas air sin, d'úsáid sí tasc inar chláraigh na páistí samplaí de na codanna cainte éagsúla. Thug sé sin léargas eile di ar dhul chun cinn na bpáistí.



## Ceisteanna Machnamhacha

1. Dá mbeifeá ag tabhairt faoi 'Bogha Ceatha na Gramadaí' i do sheomra féin, cén réamhobair a bheadh le déanamh le go mbeadh na páistí réidh chun é a úsáid?
2. Cé na féidearthachtaí a fheiceann tú sa cheacht seo chun ceangal a dhéanamh le teangacha eile?
3. Céard a d'fhéadfadh an múinteoir a dhéanamh chun an fhoghlaim sa cheacht a cheangal le húsáid na Gaeilge taobh amuigh den cheacht seo?
4. Céard í an chéad chéim eile i bhfoghlaim na bpáistí, dar leat? (bain úsáid as an gcontanam dul chun cinn más maith leat)

^ Tá Ábhar Tacaíochta a dhéanann cur síos ar Aiseolas Ceartaitheach ar fáil anseo.

* Agus muid ag trácht ar 'foirm' anseo, is éard a bhíonn ar intinn againn ná nithe amhail aimsir na mbriathra, inscne na n-ainmfhocal, struchtúr nó comhréir abairte, nó séimhiú nó urú ar fhocal.

Le féachaint ar na físeáin a bhaineann leis an bhFaisnéis Tacaíochta seo cliceáil anseo.